

Canon Lyons

(1811-1885)

Rugadh Pat Lyons (Canon Lyons) i mBéal Átha hAmhnais i gCo. Mhaigh in 1811. Chuaigh sé chuig an mbunscoil áitiúil agus ina dhiaidh sin go dtí Coláiste Iarlatha i dTuaim. Oirníodh ina shagart é i dTuaim in 1839, chaith sé dhá bhliain ina shéiplíneach i dTeampall an Tóchair, i mBaile Liam agus bliain eile ina dhiaidh sin i mBaile an Mhuilinn, Co. na Gaillimhe.

Ina dhiaidh sin, chaith sé ocht mbliana ag sagartóireacht i gCill Mhian, Baile Locha Riach i gCo. na Gaillimhe áit ar thóg sé teach an tsagairt agus Séipéal Naomh Iarlatha i mBaile Uí Dhúgáin. Ghlac sé ceannas ar an bparóiste sin, ceann de na paróistí ba lú in Ard-dheoise Thuama ag an am. Go deimhin bhí sé de cháil ar an Ath. Lyons go nglacfaidh sé seilbh air agus go gcuireadh sé a bhranda úinéireachta féin air. Dá bharr sin tá a ainm le feiceáil go fóill ar phlaic atá ar dhoras an tséipéil sin agus tá cuid dá ghaolta ina gcónaí sa gceantar go fóill.

In 1851 tháinig sé go dtí paróiste an Chnoic/an Spidéil mar shagart paróiste agus is ansin a chaith sé an chuid eile dá shaol - 34 bliana san iomlán - nó gur bhásaigh sé ar an 11ú Deireadh Fómhair 1885 in aois a 74 bliana. Tá sé curtha faoin altóir i Séipéal an Chnoic agus tá plaic ar bhall an tséipéil in onóir dó.

